Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Cleachtas Ciorcail a Úsáid chun Cultúr agus Timpeallacht Foirne a Fheabhsú



# CLEACHTAS CIORCAIL A ÚSÁID

## Cúlra/Stair chiorcail

***Is traidisiún ársa é teacht le chéile i gciorcal a úsáideann pobail éagsúla ar fud an domhain nuair is gá labhairt agus réitigh a aimsiú. Bhailigh ár sinsir i gciorcail ar mhaithe le neart cúiseanna: timpeall ar thine an champa chun tóraíocht an lae a roinnt, nuair a bhí cinntí tábhachtacha le déanamh nó nuair a ba ghá coimhlintí a réiteach. I bhfocail eile, tá rud éigin nádúrtha faoin mbealach seo chun cruinniú a eagrú, ach ar chúiseanna éagsúla tá dearmad déanta air sin ag muintir ár linne ar go leor bealaí nó rinneadh cinneadh gan cruinnithe a reáchtáil ar an mbealach seo.***

***"Using Restorative Circles in Schools" le Follestad agus Wroldsen- leathanach 22***

**Leagann formáid an chiorcail béim ar CHROÍLUACHANNA amhail;**

- **Comhionannas**
- **Sábháilteacht**
- **Iontaobhas**
- **Freagracht**
- **Ceartas**
- **Daonlathas**

***Bíonn braistint chómhuintearais i gceist le páirt a ghlacadh i gciorcal. Sa chiorcal, is féidir le gach duine gach duine eile a fheiceáil agus glacann siad sealanna chun labhairt, agus is féidir le gach duine an rud a deir gach duine eile a chloisteáil. Is mó an seans go mbeidh caidreamh dearfach sábháilte acu sin atá ag bualadh le chéile agus ag déanamh cumarsáide i gciorcal, agus bíonn atmaisféar síceasóisialta ann arb é aire chomhchoiteann an cur síos is fearr air - tuiscint ar 'sinne'.***

***"Using Restorative Circles in Schools" le Follestad agus Wroldsen - leathanach 22***

**Cuireann an ciorcal tuiscint ar 'sinne' chun cinn, tógtar caidrimh láidre idir baill an chiorcail.**

## Cén fáth a n-úsáidimid ciorcail?

- **Pobal a thógáil – ag mothú ceangailte, braistint chómhuintearais**
- **Gach duine sa ghrúpa a dhéanamh rannpháirteach**
- **Úinéireacht chomhroinnte a chur chun cinn**
- **Comhionannas a chur chun cinn**
- **Muinín a chothú**
- **Forbairt comhbhá a spreagadh**
- **Úsáid teanga mhothúchánach a chur chun cinn agus a chleachtadh**
- **Scileanna réitigh fadhbanna a fhorbairt**
- **Guth na foirne a fhorbairt agus a chur chun cinn**

Oide
Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# CLEACHTAS CIORCAIL A ÚSÁID

## Roinnt úsáidí a bhíonn le ciorcail a úsáid

- **Caidreamh a thógáil trí sheiceálacha-isteach/amach, "dul-timpeall", eispéiris a chomhroinnt, tuairimí a fhiosrú, smaointe a mhalartú.**
- **Noirm a atreisiú: ionchais, iompraíochtaí agus nósanna imeachta a phleanáil agus a phlé.**
- **Faisnéiseach/Acadúil: ábhar a fhiosrú, obair a mheas, spriocanna a leagan síos, monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn, aiseolas a thabhairt.**
- **Fadhbanna a réiteach: aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna iompraíochta, machnamh a dhéanamh ar eachtraí, fadhbréiteach le grúpaí agus piaraí.**
- **Freagairt ar eachtra chun cneasú a chur chun cinn agus tacaíocht a thabhairt do gach duine atá rannpháirteach.**

## Cineálacha ciorcail

- **Ciorcail thart timpeall: i seicheamh, rannpháirtíocht ard, topaicí ginearálta, freagairt ar leideanna, intreoracha**
- **Ciorcail Ghrán Rósta: gan a oiread struchtúir, gan aon ord ar leith, spreagtar rannpháirtíocht ach níl sí éigeantach, páirtithe leasmhara**
- **Ciorcail fadhbréitigh: struchtúrtha, foirmiúil, dírithe**

## Nithe ar gá smaoineamh orthu sna ciorcail

- ***Cruth:* Smaoinigh ar an dóigh is fearr chun an timpeallacht fhisiciúil a úsáid inar féidir gach duine sa chiorcal a fheiceáil agus a chloisteáil. Nuair is indéanta, déan iarracht gan bac ar bith fisiceach a bheith idir na rannpháirtithe.**
- ***Ullmhaigh:* Topaicí/ábhar an chiorcail a bheith ullmhaithe roimh ré. Smaoinigh ar thopaic chur in aithne (cluiche/ceist) a bhféadfá tosú leis agus cur chuige srathach a úsáid maidir le do chuid cheisteanna do na babhtaí. Tosaigh le ceisteanna ísealoird go dtí go mbíonn muinín agus dea-chaidrimh sa ghrúpa.**
- ***Nósanna Imeachta:* Tabhair isteach mír éisteachta agus mínigh nach féidir le duine labhairt ach amháin nuair a bhíonn an mhír éisteachta ina lámh agus go gcaithfidh gach duine eile éisteacht leis an duine atá ag labhairt. Mínigh/Cuir na bunrialacha i gcuimhne do gach rannpháirtí.**
- ***Socraigh an cuspóir:* Cuir fáilte roimh gach duine chuig an ngrúpa agus mínigh cuspóir an ghrúpa. Cuir i gcuimhne do na rannpháirtithe gur féidir leo 'tharam' a rá más mian leo a seal a ligean tharstu.**
- ***Seiceáil isteach:* Tosaigh le seiceáil isteach oscailte. Tosaitheoir abairte, focal sciobtha amháin.**
- ***Coinnigh fócas:* Smaoinigh ar an gcuspóir agus an fáth a bhfuil siad le chéile i gciorcal inniu. Roghnaigh an fhormáid chiorcail is oiriúnaí chun fiosrú.**
- ***Seiceáil amach:* Gabh buíochas le gach duine as a rannpháirtíocht. Críochnaigh le tosaitheoir abairte/ focal sciobtha amháin chun seiceáil amach.**

Oide
Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# TEIMPLÉAD PLEANÁLA CRUINNITHE

**Dáta:**____________

1. **Fáilte agus Ciorcal Oscailte:**

- **Tosaitheoirí Ciorcail:**

2. **Míreanna cláir:**

3. **Aon Ghnó eile:**

4. **Gníomhaíocht Chiorcail / Gníomhaíocht Chiorcail Mhalartach a Úsáid:**

5. **Míreanna Gnímh le tabhairt faoi deara:**

# SMAOINTE/GNÍOMHAÍOCHTAÍ CIORCAIL MALARTACHA

**Scéalta Teagaisc**

Roghnaigh téama (m.sh., "Deis teagaisc ba chúis le hathrú ionam," "Scoláire a chuaigh i bhfeidhm orm," nó "Nóiméad greannmhar sa seomra ranga") agus iarr ar bhaill foirne a scéalta a chomhroinnt.

**Taispeáin agus Inis**

Tugann gach ball foirne mír nó grianghraf isteach a sheasann do rud atá tábhachtach dóibh – seans go mbeidh baint aige lena dturas múinteoireachta, le suim phearsanta, nó le heachtra suntasach ina saol. Glacann siad sealanna chun an scéal atá taobh thiar den mhír a chomhroinnt.

**Ceachtanna, Buanna agus Spriocanna**

Comhroinneann gach duine rud amháin a d'fhoghlaim siad ar na mallaibh, bua amháin a bhí acu agus sprioc amháin a bhfuil siad ag obair air.

**Focail a spreagann**

Cuir ráiteas spreagúil i láthair a bhaineann leis an oideachas, obair foirne nó le fás. Glacann baill foirne sealanna chun an dáimh atá acu leis an ráiteas a chomhroinnt.

**Fuaimrian Mo Shaol Múinteoireachta**

Comhroinneann gach ball foirne teideal amhráin a léiríonn an spion atá orthu, eispéireas teagaisc nó deis teagaisc a bhí acu sa seomra ranga. Míníonn siad an fáth ar roghnaigh siad é.

**An "Toradh Cuilitheach"**

Comhroinneann gach ball foirne sampla d'uair nuair a bhí tionchar dearfach ag a ngíomhartha ar scoláire nó ar chomhghleacaí. Neartaíonn sé sin an dearcadh go bhfuil fíor-thábhacht lena gcuid oibre.

**Dom Féin Amach Anseo**

Scríobhann gach ball foirne litir ghairid chucu féin maidir lena spriocanna, a spreagadh, nó a ndóchas don scoilbhliain. Druid isteach i gclúdaigh iad chun oscailt arís ag cruinniú lá níos faide anonn.

Oide
Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# TOSAITHEOIRÍ CIORCAIL ATÁ PEARSANTA

- An chéad phost a bhí agam ná....
- Eispéireas a bhí agam ar na mallaibh a bhain miongháire asam ná....
- Leabhar/scannán/ seó/podchraoladh a thaitin liom ar na mallaibh ná....
- Caitheamh aimsire nó spéis a bhfuil an dúshuim agam ann ná....
- Dá dtiocfadh liom sárchumhacht ar bith a bheith agam, is é a bheadh agam ná....
- Áit ba bhreá liom cuairt a thabhairt uirthi ná....
- Comhairle luachmhar a cuireadh orm ná....
- Amhrán a chuireann dea-spion orm i gcónaí ná....
- Is é an deoch is ansa liom i gcaifé ná....
- Is é an leabhar do pháistí is fearr liom ná....
- Rud is maith liom a dhéanamh le grúpa cairde ná....
- Is é an rud is fearr faoin áit a bhfuil mé i mo chónaí ná....
- Is é an rud is measa faoin áit a bhfuil mé i mo chónaí ná....
- Dá dtiocfadh liom dul a chónaí in aon áit eile, rachainn a chónaí .... mar....
- Is é an nós teaghlaigh is fearr liom ná...
- Is í an chúis bhroid is mó dom ná...
- Agus mé liom féin, is fearr liom....
- Gníomhaíocht is maith liom a dhéanamh le mo theaghlach ná....
- Rud a mbím ag brath ar mo theaghlach/mo chairde mar gheall air ná....
- Is é an lá amuigh is fearr a chaith mé riamh ná....
- Is é an cluiche is fearr a d’imir mé riamh ná....
- Dá mbainfinn an Crannchur....
- Dá mba mise Uachtarán na hÉireann....
- Dá dtiocfadh liom athrú amháin a dhéanamh sa domhan....
- Rud a thugann taitneamh dom ná....
- Rud éigin a bhfuil mé buíoch as inniu ná....
- Rud éigin a bhfuil mé maith aige ná....
- Rud éigin nach bhfuil mé maith aige ná....

# TOSAITHEOIRÍ CIORCAIL ATÁ PEARSANTA

- Rud éigin nach ndéanfaidh mé arís ná....
- Rud éigin ba bhreá liom a dhéanamh arís ná....
- Rud éigin a sheachnaím a dhéanamh ná....
- Chuirfeadh mo chairde síos orm mar dhuine atá....
- Déanaim suaimhneas trí...
- Is é an cleas cóisire atá agam ná....
- Cuirim ardú meanman orm féin trí....
- Am nuair a bhí eagla orm ná....
- Is é/í .... an mhí/an séasúr is fearr liom mar....
- Is é/í....an bricfeasta/lón/dinnéar/smailc is fearr liom.
- Is é/í....an áit is fearr liom sa teach.
- Is é/í....an sórt aimsire is fearr liom.
- Is é/í....an bia beir leat is fearr liom.
- Is é an t-ainmhí is fearr liom ná.....
- Is é an turas scoile ab fhearr liom mar pháiste ná....
- Is é an cuimhne cinn is fearr atá agam faoin bhunscoil ná....
- Scil/caitheamh aimsire ba bhreá liom a bheith ábalta a dhéanamh ná....
- Dá mbeadh trí mhian agam, ba mhian liom....
- Nuair a bhí mé óg, bhí mé ag iarraidh a bheith i mo.....nuair a bheinn níos sine.
- Is é an tsaoire is fearr a bhí agam riamh ná....
- Is é an barra seacláide is fearr liom ná....
- Trí rud a bheadh liom go hoileán tréigthe ná....
- Rinne mé mo bhreithlá a cheiliúradh trí....
- An chéad chara is fearr a bhí agam ná....
- Dá mbeinn chun gairm a athrú, ba mhaith liom a bheith i mo....
- Rud amháin a dhéanaim ar mhaithe le mo chuid folláine ná....
- Is é an t-óstán is fearr liom in Éirinn ná....
- Is é an timireacht is measa liom ná....

# TOSAITHEOIRÍ CIORCAIL A BHAINEANN LEIS AN OBAIR

- Acmhainn teagaisc atá iontach úsáideach dar liom ná....
- Dúshlán oibre a sháraigh mé ar na mallaibh ná....
- Aiseolas/comhairle úsáideach maidir leis an obair a fuair mé ná....
- Comhairle a chuirfinn ar bhall nua foirne ná....
- An ghné den phost is mó a chuireann fuinneamh ionam....
- An ghné den phost is mó a fhágann mé spíonta ná....
- Maidir le cúrsaí gairmiúla de, ba mhaith liom go mbeadh clú orm as bheith....
- Scileanna gairmiúla ba mhaith liom a thógáil ná....
- Dá mbeadh €1000 le caitheamh agam ar mo rogha féin ar scoil, chaithfinn é ar….
- Is é an dóigh is fearr liom chun mo scíth a ligean i ndiaidh na hoibre ná....
- Is é/í.... an tsaoire scoile is fearr liom mar....
- Meancóg amháin is cuimhin liom a dhéanamh i mo phost ná....
- Dá dtiocfadh liom acmhainn/uirlis a chruthú don scoil, dhéanfainn....
- An chomhairle is fearr atá agam chun bheith eagraithe ná....
- An t-am is fearr liom ar scoil an tseachtain seo ná....
- Is é/í....an t-ábhar is fearr liom a theagasc/a bheith ag cuidiú ann/inti.
- Is é/í....an t-ábhar is measa liom a theagasc/a bheith ag cuidiú ann/inti.
- Rud amháin sa scoil seo a bhfuil mé buíochas as ná....
- Roghnaigh mé an tslí bheatha seo mar...
- Roimh am scoile, is maith liom....
- Rud nach dtiocfadh liom a bheith beo gan é ar an obair ná....
- An chuma a bheadh ar am sosa den scoth ar scoil ná....
- An nós a bhíonn agam tráthnóna Dé hAoine ná....
- Dá mbeadh lá saor agam ar scoil chun jabanna a dhéanamh, dhéanfainn....
- Smaoineamh ó scoil eile a thaitníonn liom ná....
- An dóigh/an t-am is fearr chun iarraidh orm cuidiú ná....
- An post is measa dá raibh riamh agam ná....
- Is fearr liom tús a chur leis an lá scoile le....

Oide
Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# TOSAITHEOIRÍ CIORCAIL A BHAINEANN LEIS AN OBAIR

- Rud éigin a bhfuil mé buíoch as maidir leis an bhfoireann seo ná....
- Láidreacht/luach a thugaim chuig an bhfoireann seo ná....
- Dóigh ar féidir linn meanma na foirne a ardú/a fheabhsú/a chothú ná....
- Bua oibre a bhí agam/againn ar na mallaibh ná....
- An dúshlán is mó a bhí romham le bliain anuas ná....
- An luach is tábhachtaí dom i mo chomhghleacaithe ná....
- Dá mbeadh €1000 agam le caitheamh ar an seomra foirne a uasghrádú, chaithfinn é ar….
- Ba mhaith liom .... a bheith againn sa seomra foirne
- Dar liom, is ionann folláine foirne agus....
- Riail amháin ba mhaith liom a athrú ar an obair ná....
- Dá mbeadh téamamhrán ag an bhfoireann, an t-amhrán a bheadh ann ná....
- Focal amháin a chuireann síos ar chultúr na foirne atá againn ná....
- Ceann de na buanna nó na tionscadail foirne a bhfuil mé bródúil as ná....
- Dóigh ar féidir linn cuidiú le chéile níos fearr ná....
- Is é eochair na cumarsáide ná....
- Mar fhoireann, ba bhreá liom níos má ama le caitheamh ar....
- Cuirim le cultúr dearfach i mo scoil trí....
- An cur chuige atá agam maidir le réiteach aighnis ná....
- Scil gairmiúil is mór agam i nduine eile ná....
- Thiocfadh linn cruinnithe a dhéanamh níos táirgiúla trí....
- Sílim gur cheart dúinn ócáidí/buanna a cheiliúradh trí....
- Tionscnamh nua ba mhaith liom tabhairt faoi mar fhoireann ná....
- Thiocfadh liom/linn traochadh agus tuirse a sheachaint trí....
- Is féidir linn baill nua foirne a chur ar a gcompord trí....
- Ba bhreá liom tuilleadh traenála ar....
- Is é a bheadh i gceist leis an imeacht sóisialta a b’fhearr liom ná....

# SMAOINTE CHUN CIORCAIL A DHRUIDIM

- **Focal sciobtha amháin –** Téigh timpeall an chiorcail go ndéarfaidh gach duine focal amháin chun cur síos a dhéanamh ar an dóigh a mothaíonn siad nó ar an rud a d'fhoghlaim siad ón gcruinniú.
- **Seiceáil Aimsire –** Cuireann na baill foirne síos ar an spion atá orthu mar a bheadh tuar na haimsire ann (m.sh., "rud beag grianmhar," "stoirmeach ach geal," "suaimhneach agus soiléir").
- **Seiceáil Amach Emoji –** Iarr ar gach duine cur síos a dhéanamh ar an dóigh a mothaíonn siad trí emoji a úsáid, ó bhéal nó trí íomhá ar chlár bán.
- **Rós/Dealg/Bachlóg –** Rós (buaicphointe), Dealg (Dúshlán), Bachlóg (rud a bhfuiltear ag dúil leis).
- **Cuspóir Aon Fhocail –** Tugann gach duine aon fhocal a léiríonn cuspóir don chuid eile den lá nó den tseachtain.
- **Sampla Le Tabhairt Leat –** Fiosraigh: "Cad é sampla amháin a thabharfaidh tú leat ón gcruinniú inniu?"
- **An Chéad Chéim Eile:** "Cad é an chéad chéim eile duit i ndiaidh an chruinnithe seo?" (úsáideach agus pleanáil nó gníomhartha i gceist).
- **Análú go Domhain Le Chéile –** Tarraing anáil dhomhain amháin le chéile i gciúnas. Iontach suaimhneach i ndiaidh cruinniú fada.
- **Ciorcal an Chiúnais –** Bomaite iomlán de chiúnas chun athmhachnamh a dhéanamh, chun teacht chugat féin nó chun stopadh.
- **Dóchas Amháin –** Tugann gach duine dóchas amháin atá acu dá scoláirí nó don fhoireann sa tseachtain amach romhainn.
- **Scamall na bhFocal Tuisceanach –** Bain úsáid as scamall focal digiteach (amhail Mentimeter) chun athmhachnamh aon fhocail a bhailiú gan ainm ó gach duine, amharc ar na torthaí beo le chéile ina dhiaidh sin.
- **Seiceáil Fuinnimh –** "Ar Scála idir 1 agus 10, cad é mar atá do chuid fuinnimh faoi láthair?" (mar rogha, is féidir leanúint ar aghaidh le "Cad é atá de dhíth ort chun athluchtú?")

# SMAOINTE EILE MAIDIR LE NASC FOIRNE

- Bricfeasta foirne uair sa mhí/téarma
- Club Leabhar / Malartán Leabhar
- Róta Bácála don Seomra Foirne / "Pot Luck"
- Liosta Moltaí – Podchraolta, an teilifís etc
- Turas Siúil sa Cheantar
- Ranganna aclaíochta roimh/i ndiaidh am scoile
- Seomra foirne taobh amuigh sa dea-aimsir
- Tionól Teagaisc – smaointe agus acmhainní etc a chomhroinnt
- Lón Iontais sa Seomra Foirne arna eagrú ag an gceannaireacht
- Rud deonach a dhéanamh mar ghrúpa
- Imeachtaí sóisialta
- Seisiúin chun scileanna a chomhroinnt – caitheamh aimsire nó scileanna pearsanta a theagasc dá Chéile
- Clár aitheantais agus buíochais – ionchur a aithint
- Lón agus Léann – cuir i láthair éagsúla ina bhfuil eolas agus lón
- Dúshláin folláine
- Cluichí cláir ag teacht le chéile foirne